Gaelscoil Faithleann

Uimhir Rolla 19941 I

An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62

Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie



# POLASAÍ TINRIMH SCOILE

Na cuspóirí atá ag an polasaí tinrimh i nGaelscoil Faithleann ná:

1. a mholadh do dhaltaí dul chun na scoile go rialta agus go poncúil.
2. go mbeadh comhphobal na scoile ar fad gafa le cothú tinrimh.
3. comhphobal na scoile a chur ar an eolas maidir le ról agus freagrachtaí, de réir an Achta.
4. daltaí a aithint a d'fhéadfadh a bheith i mbaol fadhbanna maidir le tinreamh.
5. a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta ag an scoil chun tinreamh/rannpháirtaíocht a chur chun cinn.
6. sainaithint a dhéanamh ar na bacanna i gcoinne tinrimh, agus deireadh a chur leo, chomh fada agus is féidir.

Cinnteoidh an scoil:

- Go gcuirfear chun cinn tábhacht an tinrimh ar fud na scoile.
- Go gclárófar daltaí i gceart agus go héifeachtach.
- Go ndéanfar taifead ar thinreamh go laethúil.
- Go ndéanfar teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí i dtaobh neamhláithreachtaí a bhfuil cúiseanna anaithnid acu nó i gcás nár tugadh cúis.
- Go ndéanfar monatóireacht ar thinreamh agus poncúlacht.
- Go ndéanfar staitisticí tinrimh a thuairisciú, de réir mar ba chóir go:
    - an Bord um Leas Oideachais (NEWB / Tusla)
    - an tOifigeach Leasa Oideachais
    - an Bord Bainistíochta

**Poncúlacht**

Bíonn an scoil ar oscailt @8.50r.n ar aghaidh agus glacann an Bord Bainistíochta le freagracht ón am seo. Tá sé de dhualgas ar mhúinteoirí agus ar dhaltaí bheith in am. Déanfaidh an scoil teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí i gcás daltaí a bhíonn déanach go rialta. Tá sé de dhualgas faoin Acht ar an bPríomhoide tuairisc a thabhairt don mBord um Leas Oideachais i gcás daltaí a bhíonn déanach/as láthair go rialta.

**Treoir do thuismitheoirí**

Deireann Alt [(21) (9)] den Acht go "measfar nach bhfuil mac léinn as láthair ón scoil i gcás ina bhfuil aon tréimhse neamhláithreachta údaraithe ag an bpríomhoide agus go mbaineann sí le gníomhaíochtaí a bheidh eagraithe ag an scoil nó a bhfuil baint ag an scoil leo". Ní féidir leis an príomhoide neamhláithreacht daltaí a údarú i dtaobh saoire i rith am scoile. Tá sé riachtanach, áfach, go gcuirfeadh na tuismitheoirí in iúl don scoil maidir le socruithe mar seo.



Gaelscoil Faithleann
Uimhir Rolla 19941 I
An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie



Caithfear cúiseanna neamhláithreachta a chur in iúl don scoil i scríbhinn ag tuismitheoirí/caomhnóirí. Má bhíonn dalta as láthair, ba chóir don dalta nóta scríofa a thabhairt don mhúinteoir ar theacht ar ais dó, ar a bhfuil ainm an dalta, dátaí agus fáth. Beidh na nótaí seo mar thaifead a d'fhéadfadh an t-oifigeach leasa oideachais a scrúdú ar cuairt chuig na scoile. Déanfaidh an scoil teagmháil leis an Oifigeach Leasa Oideachais in éagmais cúiseanna a bheith faighte ag an scoil. Déanfaidh an scoil teagmháil le tuismitheoirí in éagmais cúis neamhláithreachta a bheith faighte ag an scoil.

**<u>Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí dea-thinreamh a spreagadh trí:</u>**

- Poncúlacht agus tinreamh rialta a chinntiú.
- Cur in iúl don scoil munar féidir lena gcuid páistí freastal ar scoil ar chúis ar bith. Comhoibriú leis an scoil agus an tseirbhís Scoile agus Oideachais chun fadhbanna tinrimh a shárú.
- Cinntiú go dtuigeann na páistí go dtacaíonn tuismitheoirí le tinreamh scoile.
- Neamhláithreachtaí pleanáilte a phlé leis an scoil.
- Más féidir in aon chor, saoire in am scoile a sheachaint.
- Suim a léiriú i dtaithí scoile na bpáistí agus ina gcuid obair bhaile.
- Iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh in imeachtaí scoile.
- Moladh agus spreagadh a thabhairt dá gcuid páistí.
- Féin-íomhá dearfach a chothú ina gcuid páistí, chomh maith le meon dearfach maidir lena bhfiúntas pearsanta féin.
- Cur in iúl don scoil i scríbhinn na fáthanna nach féidir le dalta a bheith ar scoil.
- Cinntiú, chomh fada agus is féidir, go socraítear cinní (le fiaclóirí 7rl) ag amanna lasmuigh d'uaireanta scoile.
- Teagmháil a dhéanamh leis an scoil láithreach, i gcás cúiseanna imní maidir le tinreamh nó ábhair ghaolmhara eile.
- Cur in iúl don scoil roimh ré i scríbhinn i gcás go mbeadh páiste/í le bailiú ag duine nach bhfuil aithne ag an múinteoir air.

**<u>Daltaí</u>**

Tá sé de dhualgas soiléir ar dhaltaí bheith i láthair ar scoil go rialta agus go poncúil. Caithfidh daltaí aon fhadhb a choimeádfadh ón scoil iad a chur in iúl don bhfoireann.
Tá daltaí freagrach as nótaí asláithre óna dtuismitheoirí a thabhairt suas gan mhoill don muinteoir ranga.
Tá daltaí freagrach as comhfhreagras scoile a thabhairt suas dá dtuismitheoirí, ar an lá luaite.

**<u>Straitéis chun deathinreamh scoile a chothú</u>**

Is mian leis an mBord Bainistíochta atmaisféar dearfach a chothú sa scoil chun dea-thinreamh a chur ar aghaidh. Chuige seo:



An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

- Bíonn curaclam na scoile so-lúbtha, chomh fada agus is féidir, agus oiriúnach do riachtanais an pháiste indibhidiúil.
- Cothóidh an scoil forbairt dea-féinchoincheapa agus féinmheasa i measc na ndaltaí.
- Beidh tacaíocht curtha ar fail le haghaidh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i gcomhréir le treoirlínte ROS.
- Tá córas cumarsáide inmhéanach in usáid chun tinreamh na ndaltaí a chlárú agus chun neamhponcúlacht a chlárú leis.
- Déantar dea-thinreamh scoile a cheiliúradh. .
- Bainfear úsáid as seirbhísí An Oifigigh Oideachais (Leas).
- Déanfaidh an múinteoir ranga monatóireacht ar rátaí tinrimh na ndaltaí i dtús báire, agus cuirfidh sé/sí an Príomhoide ar an eolas maidir le dalta ar bith a bhfuil fadhb tinrimh aige/aici.
- Daltaí a bhfuil drochthinreamh á chleachtadh acu, tabharfar cuidiú dóibh, chomh fada agus is féidir, chun feabhas a chur ar an dtinreamh.

**<u>Príomhoide Scoile</u>**
Déanfaidh an Príomhoide/Leas-Príomhoide

- A chinntiú go bhfuil clárleabhar na scoile líonta isteach go rialta i gcomhréir leis an rialúchán.
- Leabhar rolla na scoile ar Aladdin a bheith líonta isteach de réir na rialacha.
- An tOifigeach Oideachais (Leas) a chur ar an eolas
- Muna mbíonn dalta ag freastal ar scoil go rialta
- Nuair a bhíonn dalta as láthair ar feadh breis is 20 lá i rith na scoilbhliana
- Nuair a bhíonn dalta ar fionraí ar feadh breis is 6 lá
- Nuair a bhaintear ainm dalta den gclár scoile
- Tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi chinneadh a bheith déanta chun dul i dteagmháil leis an Oifigeach Oideachais (Leas) maidir le himní i dtaobh dalta
- Chomh fada agus is féidir, tábhacht an dea-thinrimh a chur ar aghaidh i measc daltaí, tuismitheoirí agus foireann na scoile. Déantar é seo ag cruinniú eolais do thuismitheoirí ag tús gach Méan Fómhair. Déantar lán-tinreamh dhalta(í) a cheiliúradh ag Tionól Deireadh na Bliana gach Meitheamh tré teastas/bonn Gradaim speisialta a bhronnadh ar an dalta ó 2017-2018 ar aghaidh.
- Tinreamh scoile a phlé ag AGM de Choiste na dTuismitheoirí.
- Tinreamh scoile agus poncúlacht a phlé ag tionóil go rialta.

**<u>Múinteoir Ranga</u>**
Déanfaidh an múinteoir ranga:

Gaelscoil Faithleann
Uimhir Rolla 19941 I
An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

- Rolla na scoile a bheith líonta isteach ar Aladdin go laethúil roimh 10.20 gach lá. Tinreamh iomlán a chlárú, maraon le ainmneacha na ndaltaí atá as láthair,ar Aladdin gach lá.
- Taifead a choimeád maidir le neamhláithreachtaí le agus gan míniú
- Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí nuair nach mbíonn eolas faoi neamhláithreachtaí ar fáil i scríbhinn.
- Na daltaí a spreagadh chun freastal go rialta agus go poncúil.
- An Príomhoide a chur ar an eolas má bhíonn imní air/uirthi maidir le tinreamh/poncúlacht dalta ar bith.

**Taifead/Cumarsáid**

I gcomhréir le srianta Acht um Chosaint Sonraí cuirfear ar aghaidh sonraí tinrimh agus iompraíochta chomh maith le torthaí acadúla daltaí a aistríonn go dtí bunscoil eile go dtí Príomhoide na scoile, sa phost, chomh luath agus a fhaightear fógra i scríbhinn faoin aistriú. Lorgófar sonraí tinrimh agus iompraíochta chomh maith le torthaí acadúla daltaí a aistríonn ó bhunscoil eile go díreach ón scoil ar a raibh an páiste ag freastal roimhe sin.
Cuirfear ar aghaidh sonraí tinrimh agus iompraíochta chomh maith le torthaí acadúla daltaí a aistríonn go dtí scoil dara leibhéal, má iarrtar iad, go dtí an scoil chomh luath is a fhaightear deimhniú rollaithe.

Chuireadh an polasaí seo go dtí an Fhoireann Teagaisc I Mí Meán Fómhair 2017. Ghlac an Bord leis an bpolasai se oar an 9 Deireadh Fómhair 2017 mar léiriú cruinn den chleashtas scoile atá in usáid sa scoil chun dea -thinreamh a spreagadh I measc daltaí na scoile

Sínithe

______________________________________

Cathaoirleach, Bord Bainistíochta
9/10/2017.